C/2026/2445

27.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2445)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Montlouis-sur-Loire’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0169-AM02 — 9.2.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Montlouis-sur-Loire’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Montlouis-sur-Loire' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin Montlouis-sur-Loire aonad geografach níos mó a úsáid chun na fíonta a shainaithint, agus roghnaigh sé an téarma 'Vin de Loire' in ionad 'Val de Loire'.

Tá an t-athrú sin i gcomhréir leis an treoraíocht a ghlacann táirgeoirí fíona an Loire a mhéid a bhaineann le cumarsáid.

Tá sé d'aidhm aige an tsainiúlacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos mó le táirgeadh fíonta in abhantrach an Loire sa saol mar atá.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

'Montlouis-sur-Loire'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0169-AM02 — 9.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Montlouis-sur-Loire'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta socra

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Cumhdaítear fíonta geala socra leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Montlouis-sur-Loire'.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe torthaíocha bláthacha ar fhíonta socra tirime agus iad óg. Is féidir le bolaithe míne, amhail mil, teacht chun cinn de réir mar a thagann aois ar na fíonta.

Blas

I gcás ina mbíonn siúcraí coiptheacha iontu, bíonn na fíonta níos casta i gcoitinne agus bíonn acmhainneacht aosaithe níos mó acu. Dá bhrí sin, is minic a bhíonn blasanna níos bríomhara torthaí andúchasacha nó blasanna níos boige torthaí triomaithe le brath, mar aon le ruainníní almóinní gríosctha nó cainche a thagann chun cinn le himeacht ama.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta socra.

Tar éis saibhriú, níor cheart neart alcóil iomlán is mó ná 13 % de réir toirte a bheith ag fíonta socra. Tar éis iad a phacáistiú, ní mór méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 5 ghram in aghaidh an lítir a bheith i bhfíonta socra ar a dtugtar 'tirim', agus aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir nach mó ná 2 ghram in aghaidh an lítir níos lú ná an méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) a bheith iontu.

Tá an cion iomlán aigéadachta luainí, an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair agus an cion iomlán dé-ocsaíde carbóin mar a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Montlouis-sur-Loire' le haghaidh fíonta geala súilíneacha agus fíonta geala leathshúilíneacha.

Dea-bholadh

Is minic dea-bholaithe citris nó torthaí ina bhfuil bia bán, agus ruainnín *brioche* a éiríonn níos suntasaí le himeacht ama, ina saintréithe d'fhíonta súilíneacha lena mbaineann cúr mín éadrom. Cuidítear le dea-bholaithe *brioche* agus castacht na bhfíonta a fhorbairt nuair a dhéantar iad a aosú ar racaí ar feadh 9 mí ar a laghad.

Bíonn na fíonta leathshúilíneacha deas agus níos tathagaí go ginearálta ná na fíonta súilíneacha.

Blas

Saintréith d'fhíonta súilíneacha aonchoipthe is ea a mboilgeoga galánta uachtarúla. Tá galántacht áirithe ag baint leis na fíonta mar gheall ar an aibíocht is gá chun iad a tháirgeadh. Cuireann bláthanna bána agus torthaí ina bhfuil bia bán leis an gcothromaíocht i mblas agus i mboladh an táirge.

Aithnítear fíonta leathshúilíneacha mar gheall ar a gcion dé-ocsaíde carbóin níos ísle agus a mboilgeoga níos fíneálta, atá níos séimhe sa bhéal.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha ar saibhríodh a n-úrfhíon a bheith níos mó ná 13 % tar éis an choipthe thánaistigh.

Tá an cion aigéadachta luainí, an cion iomlán aigéadachta agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair agus an cion iomlán dé-ocsaíde carbóin mar a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais maidir le fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

Ní mór fíonta súilíneacha nó leathshúilíneacha a tháirgeadh trí choipeadh tánaisteach i mbuidéil agus ní mór fíonta súilíneacha a tháirgeadh trí choipeadh aonair. Ní fhéadfaidh an neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos mó ná 13 % tar éis an choipthe thánaistigh má saibhríodh an t-úrfhíon fíonchaor. Tar éis saibhriú, níor cheart neart alcóil iomlán is mó ná 13 % de réir toirte a bheith ag fíonta socra. Anuas ar na rialacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch:

An modh saothraithe

Tuairisc:

(a) — Dlús plandaithe — is é 6 250 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus spásáil uasta 1,60 méadar idir sraitheanna. Ní fhéadfaidh an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith níos lú ná 0,8 méadar. (b) — Rialacha prúnála — Déantar fíniúnacha a phrúnáil roimh an 1 Bealtaine. — I gcás fíniúnacha a ndéantar prúnáil spoir orthu (feanphrúnáil nó prúnáil Royat), ní fhéadfar níos mó ná 85 800 bachlóg a phrúnáil in aghaidh an heicteáir nó 13 bhachlóg ar an meán in aghaidh an phlanda, suas le 15 bhachlóg ar a mhéad, agus 3 bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. — I gcás fíniúnacha a ndéantar prúnáil chána orthu, ní fhéadfar níos mó ná 72 600 bachlóg a phrúnáil in aghaidh an heicteáir nó 11 bhachlóg ar an meán in aghaidh an phlanda, suas le 13 bhachlóg ar a mhéad.

Cleachtas fíoneolaíoch

Fíonta súilíneacha aonchoipthe

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch:

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc;

Ní mór coipeadh tánaisteach fíonta súilíneacha a tháirgtear trí choipeadh aonair a dhéanamh faoi na coinníollacha seo a leanas: — tosaíonn an coipeadh in umair nó i mbairillí; — ní rialaítear é ach amháin trí fhuarú; — toirmisctear giostaíocht; — toirmisctear liqueur de tirage a chur leis; — toirmisctear ailgionáití cailciam nó sóidiam a úsáid; — ní fhéadfar coipeadh tánaisteach a dhéanamh ach amháin i mbuidéil ghloine ina n-úsáidtear úrfhíon fíonchaor leathchoipthe; — toirmisctear licéar dáileogachta a úsáid; — cuirtear isteach an méid céanna leis an méid a cailleadh le linn an dímhoirtithe ón gcoinsíneacht fíona chéanna.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	62
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	75
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta súilíneacha aonchoipthe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	62
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Chenin B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

I gcás fíonta socra, déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, agus i gcás fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a bhuidéalú i gcríoch na mbardas seo a leanas i roinn Indre-et-Loire (liosta arna tharraingt suas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2019): Lussault-sur-Loire, Montlouis-sur-Loire, Saint-Martin-le-Beau.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Táirgtear na fíonta go heisiach ó chineál Chenin B. Mar chineál crua, athraíonn a acmhainneacht go mór ag brath ar an gcineál ithreach ina gcuirtear é, is é sin – i limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Montlouis-sur-Loire' – gar don teorainn is faide soir inar féidir an cineál a shaothrú i nGleann an Loire.

Ní áirítear sa limistéar dáileachta talún seanbhunaithe ina mbuantar na fíonchaora ach dáileachtaí talún ina bhfuil ithreacha a bhfuil airíonna maithe hidreolaíocha agus teirmeacha acu.

A bhuí leis na cúinsí sin, tairbhíonn Chenin B de choinníollacha a fhágann gur féidir an cineál a chur in iúl ar bhealach úrnua galánta. Mar sin féin, éilíonn siad an bainistiú is fearr is féidir a dhéanamh ar an bplanda agus ar a acmhainneacht táirgthe, agus mar gheall air sin tá toirmeasc ar chlóin áirithe agus dianthreorú fíniúnacha i bhfeidhm.

Tá fíonsaothraithe Montlouis tar éis dul in oiriúint do riachtanais chineál Chenin B, agus leas á bhaint as sin trí na nósanna imeachta teicniúla agus na cineálacha fíonta a tháirgtear a éagsúlú. Ag brath ar an áit ina gcuirtear na fíniúnacha, ar an gcaoi a dtreoraítear iad agus ar dhálaí aeráide bhliain an fhíona, beidh méid siúcra choipthigh níos airde nó níos ísle ag na fíonta a tháirgtear. Trí na fíonta geala a aosú, treisítear a gcastacht aramatach. I gcás ina bhfuil na dálaí aeráide ag deireadh na buainte fabhrach, táirgtear fíonta 'moelleux' (leathmhilis) nó 'doux' (milis) ó fhíonchaora a bhuantar nuair a bhíonn siad tiubhaithe mar thoradh ar thriomú ar an bhfíniúin nó mar thoradh ar 'lobhadh uasal' arna dhéanamh ag *Botrytis cinerea*.

Tagann cáilíocht fhíonta 'Montlouis-sur-Loire' ó na dáileachtaí talún a roghnaíodh chun na fíniúnacha a shaothrú agus ó oiriúnú agus úsáid chomhsheasmhach na modhanna táirgthe a chuir an pobal fíonsaothrúcháin i bhfeidhm le himeacht ama. Léirítear cáil na bhfíonta sa mhéid go bhfuil siad á ndíol ar feadh tréimhse chomh fada sin agus ba mhór an cúnamh aibhneacha an Loire agus an Cher agus na fíonta á ndíol i dtús. Sa 16ú agus sa 17ú haois iompraíodh na fíonta ar uisce go Nantes, agus seoladh ansin iad go tuaisceart Fhlóndras agus go dtí an Ísiltír agus is dócha go raibh trádáil ar an gcaoi sin ag dul ar aghaidh i bhfad roimhe sin chomh maith. Ó shin i leith, tá cáil i bhfad níos leithne bainte amach acu agus ó bhí 2010 ann tá siad á gcur ar an margadh lasmuigh den Fhrainc agus á n-onnmhairiú ar fud an domhain.

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Tá an cúlra céanna ag baint le fíon súilíneach a tháirgeadh. Tar éis dóibh a thabhairt faoi deara gur thosaigh fíonta buidéalaithe a cuireadh i siléir ag coipeadh arís uaireanta, d'fhéach fíonshaothraithe Montlouis le máistreacht a fháil ar an bhfeiniméan sin 'fíonta súilíneacha nádúrtha' agus leas a bhaint as. Dá bhrí sin, tháinig fíonta a díoladh le tomhaltóirí mar fhíonta 'shúilíneacha' chun cinn den chéad uair sa 19ú haois. Ag cur leis an tuiscint mhéadaitheach ar fhíoneolaíocht, rinneadh tástálacha den chéad uair sna 1840í chun iarracht a dhéanamh fíon súilíneach a tháirgeadh tríd an modh traidisiúnta. Ag tús an 20ú haois, iarradh ar shaineolaithe ó réigiún Champagne a gcuid

scileanna a thaispeáint d'fhíonshaothraithe Montlouis. Le siléir a gearradh amach as cloch *tuffeau*, éascaíodh forbairt na bhfíonta sin a dteastaíonn limistéir mhóra mheasartha stórála agus láimhseála uathu. Ó bhí na 2000í ann, d'úsáid táirgeoirí fíona a dtuiscint theicniúil ar na fíniúnacha agus ar an bpróiseas fíonóireachta chun táirgeadh fíonta súilíneacha coipthe aonair a athbheochan, an chéad mhodh a úsáideadh chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Is léiriú dílis iad na fíonta sin ar dhálaí bhliain an fhíona agus iad déanta as fíonchaora atá aibithe go foirfe agus as táirgeacht rialaithe gan siúcra a chur leis le linn na céime próiseála.

De thairbhe taithí a fuair siad le breis agus céad bliain, tá an-scil go deo ag táirgeoirí anois i gceird an chumaisc chun na fíonta súilíneacha sin a dhéanamh. Cuidítear le dea-bholaithe brioche agus castacht na bhfíonta a fhorbairt nuair a dhéantar iad a aosú ar racaí ar feadh 9 mí ar a laghad.

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

8. Fíon leathshúilíneach

Achoimre ar an nasc

In 2008, chumhdaigh an limistéar fíonsaothrúcháin 400 heicteár agus thart ar caoga fíonsaothraí ann. Úsáidtear leath den limistéar sin chun fíonta socra a tháirgeadh (thart ar 6 000 heictilítear) agus úsáidtear an leath eile chun fíonta súilíneacha nó leathshúilíneacha a tháirgeadh (thart ar 9 600 heictilítear).

Tá an cúlra céanna ag baint le fíon leathshúilíneach a tháirgeadh. Tar éis dóibh a thabhairt faoi deara gur thosaigh fíonta buidéalaithe a cuireadh i siléir ag coipeadh arís uaireanta, d'fhéach fíonshaothraithe Montlouis le máistreacht a fháil ar an bhfeiniméan sin 'fíonta súilíneacha nádúrtha' agus leas a bhaint as. Dá bhrí sin, tháinig fíonta a díoladh le tomhaltóirí mar fhíonta 'shúilíneacha' chun cinn den chéad uair sa 19ú haois. Ag cur leis an tuiscint mhéadaitheach ar fhíoneolaíocht, rinneadh tástálacha den chéad uair sna 1840í chun iarracht a dhéanamh fíon súilíneach a tháirgeadh tríd an modh traidisiúnta. Ag tús an 20ú haois, iarradh ar shaineolaithe ó réigiún Champagne a gcuid scileanna a thaispeáint d'fhíonshaothraithe Montlouis. Le siléir a gearradh amach as cloch *tuffeau* éascaíodh forbairt na bhfíonta sin a dteastaíonn limistéir mhóra mheasartha stórála agus láimhseála uathu. Ó bhí na 2000í ann, d'úsáid táirgeoirí fíona a dtuiscint theicniúil ar na fíniúnacha agus ar an bpróiseas fíonóireachta chun táirgeadh fíonta súilíneacha coipthe aonair a athbheochan, an chéad mhodh a úsáideadh chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Is léiriú dílis iad na fíonta sin ar dhálaí bhliain an fhíona agus iad déanta as fíonchaora atá aibithe go foirfe agus as táirgeacht rialaithe gan siúcra a chur isteach le linn na céime próiseála.

De thairbhe taithí a fuair siad le breis agus céad bliain, tá an-scil go deo ag táirgeoirí anois i gceird an chumaisc chun na fíonta súilíneacha sin a dhéanamh. Cuidítear le dea-bholaithe *brioche* agus castacht na bhfíonta a fhorbairt nuair a dhéantar iad a aosú ar racaí ar feadh 9 mí ar a laghad.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Maolú maidir leis an limistéar geografach

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú de mhaolú maidir le fíonta socra a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, agus maidir le fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a bhuidéalú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas i roinn Indre-et-Loire (liosta arna tharraingt suas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2019): Amboise, Athée-sur-Cher, Dierre, Larcay, Véretz, La Ville-aux-Dames.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe ábhartha.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

— Marcáiltear gach téarma roghnach ar na lipéid i litreacha nach bhfuil níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. — Ní bheidh méid na litreacha d'ainm geografach 'Val de Loire', níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. — I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas: — is suíomh cláraithe é; — tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Ní mór bliain an fhíona a lua freisin ar fhíonta súilíneacha aonchoipthe.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-03edf6c6-06f8-453c-a9cf-50a775f47846